An Lá Scoile Nua

The New School Day

Arrangements for the Return to School for the 2020/21 School Year

Clár / Contents

	Leathanach / Page
Fáilte ar ais / Welcome Back	2
Socruithe Ginearálta / General Arrangements	3
Socruithe / Arrangements – Naíscoil	15
Socruithe / Arrangements – Rang 1	17
Socruithe / Arrangements – Rang 2	19
Socruithe / Arrangements – Rang 3	21
Socruithe / Arrangements – Rang 4	23
Socruithe / Arrangements – Rang 5	25
Socruithe / Arrangements – Rang 6	27
Socruithe / Arrangements – Rang 7	29
Focail Scoir / Final Words	31

Fáilte ar ais / Welcome Back

Is fada, fada an lá ach táimid faoi dheireadh thiar thall in áit le fáilte ar ais a chur roimh na daltaí s'againn uilig ar bhonn lán-aimseartha. Cé nach bhfuil a fhios againn cad é a tharlóidh amach anseo, tá mé cinnte go n-aontóidh tú nach mór do na páistí teacht ar ais an t-oideachas s'acu a atosú in áit níos foirmealta na tábla na cistine.

Ar dtús báire, áfach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an tacaíocht a thug sibh don scoil agus don obair chrua a chuir sibh isteach le míonna anuas ag deimhniú gur lean na páistí leis an fhoghlaim, ach ag deimhniú chomh maith nach raibh tionchar dochracha ag an phandéim ar an fholláine mhothúchánach s'acu. Is é an tosaíocht s'againn ná na páistí a chur ar a suaimhneas go mbeidh siad slán ar scoil agus táimid muiníneach go ndaingneoidh na socruithe atá curtha in áit againn an teachtaireacht sin.

Tá súil againn go gcuirfidh an leabhrán seo sibh, mar thuismitheoirí, ar bhur suaimhneas go bhfuil gach rud in áit againn le sábháilteacht na ndaltaí a dheimhniú agus iad ar ais ar scoil. Tá na socruithe atá leagtha amach sa leabhrán seo bunaithe ar Threoirlínte ar an Lá Scoile Nua ón Roinn Oideachais (RO), a foilsíodh ar an Déardaoin 13ú Lúnasa, atá ar fáil ar líon-láithreán na scoile. Glac an t-am leis an leabhrán seo a léamh, le do thoil, na Socruithe Ginearalta agus na codanna a bhaineann le rang/anna do pháiste/páistí ach go háirithe.

Faoi dheireadh, gabh i dteagmháil liom ar an fhón, ríomhphost nó Whatsapp dá mba mhaith leat gné ar bith de na socruithe don Lá Scoile Nua i nGaelscoil Uí Néill a phlé.

It has been a long, long time but we are finally in a position to welcome all our pupils back to school on a full-time basis. While we do not know what the future holds, I am sure you will agree that the children need to come back and resume their education in a more formal setting than the kitchen table at home.

First of all, however, I would like to thank you for the support you have shown to the school and the hard work you have put in over the last few months in ensuring that the children continue to learn, but also in ensuring that the impact of the pandemic has not had an adverse impact on the children's emotional well-being. Our first priority will be to reassure the children that they will continue to be safe in school and we are confident that the measures we have put in place will reinforce that message.

This booklet will hopefully reassure you, as parents, that we do, indeed, have everything in place to ensure the children's safety back at school. The measures outlined in this booklet are based on the Department of Education (DE) Guidelines on The New School Day, published on Thursday, 13th August, which is available on the school website. Please take the time to read the appropriate sections of this booklet, most notably the General Arrangements and the sections relating to your child's/children's class/classes.

Finally, please feel free to contact me by phone, e-mail or Whatsapp if you would like to discuss any aspect of our arrangement for the New School Day in Gaelscoil Uí Néill.

Is mise le meas,
Conor

General Arrangements

Dian-ghlanadh

Rinneadh dian-ghlanadh ar fad ar an scoil le míonna anuas agus, mar a fheicfidh sibh nuair a thagann sibh ar ais, bhí meitheal tuismitheoirí ag obair go dícheallach thar an samhradh leis an taobh amuigh den scoil a mhaisiú a bhí de dhíth go géar. Míle buíochas ollmhór dár Meitheal Tuismitheoirí.

Éide Scoile

Molann Treoirlínte an RO nach gcaitheann na páistí na héadaí céanna dhá lá i ndiaidh a chéile:

> *Cé go dtig leis an Choróinvíreas fanacht ar éadaí ar feadh tamaill, níl riosca ard ann i scoileanna agus cé go bhfuil sé molta go gcaitheann páiste éide glan nó éadaí úra gach lá, níl sé seo riachtanach agus ba chóir do scoileanna bheith airdeallach ar an phobal scoile s'acu agus gan a thuilleadh brú/caiteachas a chothú do thuismitheoirí.*

Cé gurbh fhearr linn go gcaithfeadh na páistí na héidí scoile gach lá, iarraimid oraibh a dheimhniú go gcaitheann do pháiste éide glan nó éadaí úra gach lá, le bhur dtoil.

Iarraimid oraibh a bheith airdeallach ar riachtanais leithris na bpáistí agus sibh ag roghnú éadaí don lá, na páistí óga ach go háirithe, i.e. jíons le cnaipí casta, riteoga, bróga le Velcro srl. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn neamh-spleáchas ag na pástí lena gcuid éadaí féin, arís eile na páistí óga ach go háirithe, mar is maith an seans nach mbeidh a fhoireann in ann cuidiú leos.

Trealamh Scoile

Iarrtar ar na daltaí gan a dhath a thabhairt ar scoil leo (ach amháin do bhuidéal in-athúsáidte ar Lá 1 – féach thíos): níl mála scoile, cás peann luaidhe, liathróid nó rópa scipeála de dhíth. Soláthróidh muid gach rud atá de dhíth ar na páistí le linn an lae. Arís eile, tá sé se i líne le Treoirlínte an RO.

General Arrangements

Deep Clean

The school has undergone a very deep clean over the last few months and, as you will see when you come back to school, a number of parents have worked diligently in the evenings throughout the whole summer to give the outside of the school a much-needed make-over. A big Go Raibh Maith Agaibh to our Summer Volunteers.



School Uniforms

DE Guidelines encourages pupils not to wear the same clothing to school on two consecutive days:

> *While Coronavirus can land on fabrics and remain for some time, schools are not a high risk environment and while* ***all children and where possible young people should be encouraged to wear clean uniform or fresh clothes each day****, this is not essential and schools should be mindful of their school community and avoid creating additional pressure / expense on parents.*

While we would prefer the children to wear their uniforms on a daily basis, we would ask you to ensure that children do indeed wear clean uniform or fresh clothes each day, please.

We also ask that you are mindful of the children's toileting requirements when selecting clothes for the day, especially the younger children, when selecting clothes for them for school i.e. jeans with tricky buttons, tights, Velcro footwear etc. Independence at managing their own attire is very important, especially for the younger children, as staff may not readily be able to help them with such adjustments.

School Equipment

The pupils are asked not to bring any equipment whatsoever (except for reusable water bottle on Day 1 – see below): no school bag, no pencil case, no footballs or skipping ropes. We will provide everything the children need throughout the day. Once again, this request is in line with DE Guidelines.

Dátaí Tosaithe

- Tiocfaidh daltaí Rang 7 ar ais ar scoil ar an Luan, 24ú Lúnasa
- Tiocfaidh daltaí Rang 1 – 6 ar ais ar scoil ar an Mháirt, 1ú Meán Fómhair
- Tiocfaidh an chéad ghrúpa de pháistí Naíscoile isteach ar an Luan, 7ú Meán Fómhair.

Fágáil Chéimithe

Beidh dhá amanna fágála againn ar maidin:

- Iarrtar go bhfágfaí daltaí le sloinne a thosaíonn le A – M ar scoil idir 9.00am – 9.15am.
- Iarrtar go bhfágfaí daltaí le sloinne a thosaíonn le N – Z ar scoil idir 9.15am – 9.30am.

Seans go mbeidh solúbthacht againn leis na hamanna seo, gabh i dteagmháil liom dá mba mhaith leat seo a phlé.

Ní thig linn ligean do dhuine ar bith teacht isteach sa scoil roimh 9.00am.

Bolgóidí Ranga

Tá cead ag tuismitheoirí tiomáint isteach sa scoil go fóill ach iarrtar orthu fanacht sa charr ar fad. I ndiaidh dóibh tuirlingt, treorófar na páistí caol díreach chuig an seomra ranga, mar a mbeidh an múinteoir ag fanacht leo. Iarrfar orthu a lámha a ní sula dtéann siad isteach sa rang.

Le linn an lae, fanfaidh na páistí i mBolgóid Ranga, i.e. ní mheascfaidh siad ach leis na páistí óna rang féin le linn an lae. Beidh tábla an duine ag gach páiste agus beidh an chathaoir s'acu 1 méadar ón chéad suíochán eile. Beidh stáisiún oibre an mhúinteora suite 2m ó chathaoir an pháiste is cóngaraí.

Torthaí agus Uisce

Iarraimid ar dhaltaí buidéal ólacháin in-athúsáidte a thabhairt leo ar an chéad lá scoile. Bheimis fíor-bhuíoch dá scríofá ainm do pháiste ar an bhuidéal seo i marcóir buan de bharr go gcoinneoidh do pháiste an buidéal seo ar scoil amach anseo agus é a líonadh ó sconna an ranga gach maidin. Nífidh na cúntóirí na buidéil i Rang 1 agus 2 agus is iad na daltaí féin a nifidh iad i Rang 3 – 7, mar chuid den chlár ar shláinteachas pearsanta. Olfaidh na páistí sa Naíscoil as cupáin indiúscartha.

Don sos, iarrtar ar na daltaí toradh úr nó triomaithe a thabhairt leo mar smailc.

Am Sosa

Beidh sos 10 mbomaite ag gach páiste idir 10.30am agus 11.15am. Ní úsáidfidh muid an clós tosaithe mar spás súgartha a thuilleadh agus roinnfear an clós cúil ina dhá zón súgartha, le 1m eatarthu, rud a dheimhneoidh go bhfanann gach rang ina mBolgóid Ranga. Ar an drochuair, ní thig linn trealamh súgartha a chur ar fáil do na páistí ag an am seo.

Starting Dates

- Primary 7 pupils will return to school on Monday, 24th August
- Primary 1 – 6 pupils will return to school on Tuesday, 1st September
- The first group of Naíscoil pupils will come in on Monday, 7th September.

Staggered Drop-off

We will have two drop-off times in the morning:

- Children with surnames beginning with A – M are asked to be dropped off to school between 9.00am – 9.15am.
- Children with surnames beginning with N – Z are asked to be dropped off to school between 9.15am – 9.30am.

There may be some flexibility with these times, please contact me if you would like to discuss this arrangement.

We cannot allow any access to the school before 9.00am.

Classroom Bubbles

Parents are still permitted to drive into the school grounds but are asked to remain in the car at all times. On alighting, the children will be directed immediately to their classrooms, where their teacher will be waiting. They will be asked to wash their hands before going into the classroom.

Throughout the day, the children will remain in their Classroom Bubble, i.e. they will only mix with children from their own class throughout the day. Each child will have their own desk and each seat will be placed 1 metre from the next. The teacher's work station will also be placed 2m from the nearest child's chair.

Fruit and Water

We ask that pupils bring a reusable drinking bottle on the first day of school. We would be very grateful if you would write your child's name on this in permanent marker as your child will keep this bottle in school for the foreseeable future and fill it in the morning from the kitchen sink. The classroom assistants will wash the pupils' bottles from Rang 1 and 2 regularly and the children themselves from Rang 3 – 7 will wash their own regularly, as part of our personal hygiene programme. Pupils from the Naíscoil will be provided with disposable cups.

For their breaks pupils are permitted to bring fresh or dried fruit for their morning snack.

Break-time

All children will have a 10-minute break between 10.30am and 11.15am. We will no longer use the front yard as a play space and have divided the back yard into two play zones, with a 1m buffer zone between them, this will ensure that each class stays within their Classroom Bubble. Unfortunately, we cannot provide play equipment for the children at this time.

Am Lóin

Gheobhaidh na páistí béile the go fóill ag am lóin. Tá £2.60 ar lón sa Ghaelscoil agus tá £2.50 ar lón sa Naíscoil. Tá am ar leith tugtha do gach rang le dul chuig an halla leis an lón a ithe. Ní bheidh ach rang amháin sa halla ag aon am amháin. Ar mhaithe leis an teagmháil le dromchlaí a laghdú, ní bheidh rogha dinnéir ag na daltaí sa chéad chúpla mí mar go n-iarrfar orthu dul caol díreach chuig an tábla agus tabharfar an dinnéar chucu (cuirfear biachláir amach go breá luath).

Is iad na hamanna lóin mar a leanas:

- Rang 1 – 11.45am
- Rang 2 – 12.00pm
- Rang 3 – 12.15pm
- Rang 4 – 12.30pm
- Rang 5 – 12.45pm
- Rang 6 – 1.00pm
- Rang 7 – 1.15pm

Glanfar na tablaí go mion idir gach seisiún.

Iarrtar ar na daltaí a thugann lón pacáilte leo é a thabhairt i mbosca lóin de phlaisteach crua, i gcomhair leis an deoch lóin s'acu. Glanfaidh na daltaí an bosca lóin seo mar chuid de Chlár ar Shláinteachas Pearsanta de chuid na scoile. Tabhair faoi deara go mbeidh rochtain ag gach páiste, iad siúd a ghlacann lón pacáilte san áireamh, ar uisce úr sa cheaintín ag am lóin. Ofrálfar bainne do na daltaí a ghlacann dinnéir scoile chomh maith.

I ndiaidh lóin, beidh súgradh 20 bomaite ag na páistí sa Zón Súgartha beartaithe s'acu, nó rachaidh siad ar ais chuig an rang má tá sé ag cur.

Airgead Dinnéir

Iarraimid oraibh airgead dinnéir na seachtaine a chur isteach ar an Luan i gclúdach, marcáilte leis an méid airgid atá sa chlúdach agus cé acu laethanta a mbeidh siad ag glacadh dinnéar, le bhur dtoil. Ná tugtar airgead chuig an oifig, go raibh maith agaibh.

Am Baile

Féach socruithe na ranganna áirithe thíos maidir leis na hamanna tógála ach, go ginearálta, iarrtar ar thuismitheoirí fanacht sa charr agus tabharfar na páistí chucu ag am baile. Maidir le tuismitheoirí a shiúlann ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfar na páistí chugaibh.

Lunch-time

The children will still be able to avail of a hot meal at lunch time. The cost for school dinners is £2.60 in the Gaelscoil and £2.50 in the Naíscoil. Each class has been allotted a time where they will go to the hall to eat their lunch. Only one class at a time will be in the school dining hall. In order to minimise the children's contact with surfaces in the school canteen, the children will not have a choice for school dinner in the first few months as they will be asked to go directly to their tables in the hall, with school dinner being brought to them (menus will be issued well in advance).

The times for lunches is as follows:

- Rang 1 – 11.45am
- Rang 2 – 12.00pm
- Rang 3 – 12.15pm
- Rang 4 – 12.30pm
- Rang 5 – 12.45pm
- Rang 6 – 1.00pm
- Rang 7 – 1.15pm

The lunch tables will be cleaned thoroughly between each sitting.

Children bringing packed lunches with them are asked to bring it in a hard plastic lunch box, along with their lunch-time drink. The children will clean their lunch equipment at school as part of our Personal Hygiene Programme. Please note that all children, including those who take lunches, will have access to fresh water from the canteen at lunch-time. Pupils taking school dinner will also be offered milk.

After lunch, the children will have 20-minutes play in their allotted Play Zone in the back yard, or will return to the classroom if it is raining.

Dinner Money

We ask that you send in the week's dinner money each Monday in an envelope, marked with the money contained in the envelope as well as which days the child is taking dinners, please. Please do not bring dinner money to the office, thank you.

Home-time

See each class' arrangements below regarding specific pick-up times but, in general, parents are asked to remain in their cars and the children will be brought to them at home-time. With regard to parents who are walking to school, please remain at the school gates and the children will be brought to you.

Ag Ní na Lámha

Iarrfar ar na páistí na lámha a ní ag na hamanna a leanas:

- An chéad rud ar maidin
- Roimh am sosa
- I ndiaidh am sosa
- Roimh am lóin
- I ndiaidh am lóin
- Roimh am baile

Beidh díghalraí lámha ann i ngach seomra agus iarrtar ar gach páiste gan a gcuid féin a thabhairt isteach.

Obair Bhaile

Ní bhfaighidh na páistí obair bhaile pháipéir faoi na socruithe reatha, ach cuirfidh gach múinteoir obair bhaile dhigiteach ar fáil le linn roinnt seachtainí i ndiaidh do na páistí socrú ar ais isteach ar scoil.

Club Bricfeasta agus Tír na nÓg

Ar an drochuair, níl muid in ann na seirbhísí seo a chur ar fáil i láthair na huaire ach déanfaidh muid ár seacht ndícheall iad a shocrú chomh luath agus is féidir.

Cumarsáid leis an Scoil

Ní thig linn rochtain ar an oifg a cheadú mar a rinne muid roimhe seo, Cuir scairt ar Marie san oifig le socruithe a dhéanamh maidir le cumarsáid riachtanach a dhéanamh maidir leis na daltaí, le bhur dtoil. Ar an téad chéanna, cuirtear scairt ar an oifig le coinne a dhéanamh le cúrsaí a phlé leis an mhúinteoir nó leis an Phríomhoide, le bhur thoil.

Bus Scoile

Chuir muid in iúl don ÚO nach dtig linn glacadh le daltaí roimh 9.00am.

Tinneas

Má tá do pháiste tinn, impímid oraibh í/é a choinneáil sa bhaile. Má thagann tinneas ar pháiste ar scoil, tá oifig an Phríomhoide beartaithe againn mar sheomra feithimh atá róthinn don scoil. Tabharfaidh ball foirme cúram dó/di go dtí go dtagann tuismitheoir/cúramóir. Más amhlaidh an cás duitse, cuirfidh muid scairt ort agus iarrfaidh muid ort teacht agus í/é a thógáil. Nuair a thagann tú ar scoil, fan ag na geataí agus cuir scairt gútháin agus tabharfar do pháiste amach chugat.

Hand-washing

The children will be asked to wash their hands at the following times:

- First thing in the morning
- Before break-time
- After break-time
- Before lunch
- After lunch
- Before home-time

Each class also has hand-sanitizers and pupils are asked not to bring in their own.

Homework

The children will not receive paper homework under the current arrangements, but each teacher will provide digital-based homework within a few weeks of the children settling back in to school.

Breakfast Club and Tír na nÓg

Unfortunately, we are not in a position to provide these services at the minute but will strive to do so at the earliest opportunity.

Communication with the School

We cannot allow access to the school office as we have done in the past. Please phone Marie to make any arrangements re essential communication about the pupils, please. Similarly, contact the office for an appointment to discuss any issue concerning your child with the class teacher or the Principal.

School Bus

We have informed the EA Transport Service that we cannot accept children travelling to school on the Killen bus to arrive before 9.00am.

Illness

If your child is ill, we urge you to keep her/him at home. If a child becomes ill while at school, we have designated the Principal's Office as the waiting room for a child who is too unwell for school. She/he will be taken care of there by a member of staff until the parent/carer arrives. If this is the case for your child, we will phone you and ask you to come and collect her/him. When you arrive at school, please remain at the school gates and phone the office, your child will then be brought to you.

Clúdacha Aghaidhe

Molann an RO a leanas maidir le clúdacha aghaidhe:

> *Mar gheall ar na socruithe atá in áit ag scoileanna le leathnú COVID-19 a laghdú ní mholtar clúdacha aghaidhe don ghnáth-úsáid i scoileanna. B'fhéidir gur mhaith le baill fhoirne agus na daltaí iad a úsáid le linn an lae agus is féidir glacadh leis seo. Ní mór do scoileanna bheith airdeallach nach gá do dhaoine áirithe (páistí san áireamh) clúdacha aghaidhe a chaitheamh.*

Iarraimid ar thuismitheoir ar bith a thugann cuairt ar oifig a scoile, i ndiaidh coinne a dhéanamh le Marie, go gcaitheann siad clúdach aghaidhe, le do thoil.

Siomptóimí Covid-19

Cuireann treoirlínte faoi láthair in iúl go gcaithfidh páiste ar bith a léiríonn comharthaí Covid-19 (casacht leanúnach, teocht ard srl.) agus iad ar scoil dul caol díreach chun an bhaile agus go gcaithfidh siblíní dul abhaile fosta. Tá súil is againn nach mbeidh seo amhlaidh do dhalta ar bith againn, ach rachaidh muid i dteagmháil leat má tá muid buartha ar bhealach ar bith

Go ginearálta, seo moltaí an RO maidir le Covid-19:

- *má tá siomtóimí agat nó teist dhearfach, beidh ort fanacht sa bhaile ar feadh 10 lá ar a laghad;*
- *má chónaíonn tú le duine a bhfuil siomtóimí nó teist dhearfach aige, beidh ort fanacht sa bhaile ar feadh 14 lá ón lá a tháinig na siomtóimí ar an chéad duine sa bhaile;*
- *má fhorbraíonn tú siomtóimí le linn an seal 14 lá seo, beidh ort féin-seiceáil a dhéanamh de réir treoirlínte Teist agus Aimsigh agus fanacht sa bhaile ar feadh 10 lá ón am a chéadthosaigh na siomtóimí (is cuma cén lá as an 14 ar a bhfuil tú);*
- *muna bhfuil teocht ard agat 10 lá i ndiaidh na siomtóimí, ní gá duit féin-scaradh a dhéanamh. Má tá teocht ard agat go fóill, coinnigh leis an fhéin-scaradh go dtí go bhfuil do theocht normálta arís. Ní gá duit féin-scaradh a dhéanamh má tá casacht agat ar feadh 10 lá de bharr gur féidir go mairfeadh casacht roinnt seachtainí i ndiaidh don ionfhabhtú críochnú;*
- *is dócha go n-ionfhabhtóidh daoine sa teach céanna a chéile nó go bhfuil siad ionfhabhtaithe cheana féin. Laghdóidh an méid daoine eile sa phobal a fhaigheann é go mór má fhanann tú sa bhaile ar feadh 14 lá.*

An Curaclam

Cé gur bhreá linn dul ais chuig an gnáth-theagasc agus an bhearna fhoghlama atá ann mar gheall ar na míonna roimhe seo a dhruidim, is é an phríomh-thosaíocht a bheidh againn sna seachtainí agus míonna romhainn ná nósanna nua scoile a bhunú leis na páistí: scaradh sóisialta, sláinteachas lámha. Sláinteachas anála agus an gá le haghaidh noirm nua ranga i.e. ag fanacht ina suí, lámha suas, ag fanacht go foighdeach leis an mhúinteoir, scaradh sóisialta ón mhúinteoir srl.

Chomh maith leis sin, beidh muid ag díriú ar fholláine mhothúchánach na bpáistí i ndiaidh ar tharla agus plé a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh an domhan go tobann, cad é mar a

Face Coverings

DE recommendations regarding face coverings in schools is as follows:

> *Given the risk mitigations in place in schools to limit and contain the spread of COVID-19, face coverings are not generally recommended for routine use in schools. Staff and pupils may wish to use them during the routine school day and this is acceptable. Schools should also be aware that some persons (including children) are exempt from wearing face coverings.*

We ask that any parent visiting the school office, having made an appointment with Marie beforehand, would do so wearing a face covering, please.

Covid-19 Symptoms

Current guidelines stipulate that any pupil who shows signs of Covid-19 (persistent cough, high temperature etc.) while at school must go home as soon as possible and that all siblings must also go home too. We hope and pray that this will not be the case for any of our children, but will contact you immediately if we have the slightest suspicion.

In more general terms, DE recommendations re Covid-19 are as follows:

- *if you have symptoms of coronavirus or a positive test, you will need to stay at home for at least 10 days;*
- *if you live with someone who has symptoms or a positive test, you will need to stay at home for 14 days from the day the first person in the home started having symptoms;*
- *however, if you develop symptoms during this 14-day period, you will need to self-check in accordance with Test and Trace guidance and stay at home for 10 days from the day your symptoms started (regardless of what day you are on in the original 14-day period);*
- *10 days after your symptoms started, if you do not have a high temperature, you do not need to continue to self-isolate. If you still have a high temperature, keep self-isolating until your temperature returns to normal. You do not need to self-isolate if you just have a cough after 10 days, as a cough can last for several weeks after the infection has gone;*
- *it is likely that people living within a household will infect each other or be infected already. Staying at home for 14 days will greatly reduce the overall amount of infection the household could pass on to others in the community.*

The Curriculum

While we are very keen to 'normal' return to teaching and to closing the learning gap that the last few months will no doubt have widened, our main priority over the first weeks and months will be to establish the new school routines with the children: social distancing, hand hygiene, respiratory hygiene and the need for new classroom norms i.e. remaining seated, hands-up, waiting patiently, social distancing from the teacher etc.

As well as this, we will also be focussing on the children's emotional well-being after what we have all been through and discuss how the world has changed so suddenly, how they feel

mhothaíonn siad faoi dtaobh de, cad é mar a bhí siad ag deileáil leis agus cén tacaíocht a bheidh de dhíth orthu amach anseo. Déanfaidh muid ár ndícheall an curaclam a chur i bhfeidhm chomh fada agus is féidir linn, ach beidh tamall ann sula dtig linn dul ar ais chuig rud ar bith cosúil leis an 'gnáth-shaol' sa seomra ranga.

Ag Tacú le do Pháiste ag Teacht ar ais ar Scoil

Seo roinnt dóigheana a dtig leat cuidiú le do pháiste teacht ar ais ar scoil:

- Labhair arís ar an tábhacht a théann leis na lámha a ní go mion.
- Labhair arís ar nósanna casachta, an Casacht Vaimpír ach go háirithe, ag casacht isteach san alt uillinne.
- Scaradh sóisialta – ag cur in iúl dóibh go gcaithfidh siad fanacht 1m ó pháistí eile agus 2m ó dhuine fásta.
- Cur in iúl dóibh nach mbeidh teagmháil fisiceach ann ar scoil, gan bharróga nó baint dá chéile.
- Na scileanna féin-chuidithe s'acu a chleachtadh, ag cur bróga orthu agus ceangal na n-iallacha (muna bhfuil Velcro ar fáil), cótaí, geansaithe srl.

about it, how they have been dealing with it and what support they need moving forward. We will continue to deliver the curriculum as best we can, but it will take a while before we can get back to anything resembling the 'old normal' in the classroom.

Supporting Your Child before Returning to School

Here are a few ways you can help your child get ready to come back to school:

- Revisit the importance of washing hands thoroughly.
- Revisit cough etiquette, most notably the Vampire Cough, coughing into one's elbow joint.
- Social distancing – letting them know that they must try to stay 1m from other children and 2m from adults.
- Inform them that there will be no physical contact at school, no hugging or touching.
- Practise their independent self-help skills, putting on and tying shoes (if no Velcro available), coats, jumpers etc.

Socruithe don Naíscoil

Táimid in áit anois le le fáilte a chur roimh na páistí uilig chuig an Naíscoil don lá iomlán! Is é sin, sa deireadh, ó 9.00am go 1.30pm.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, beidh iontógáil chéimithe againn bunaithe ar aois – na páistí is óige ar dtús. Cuirfidh Caoimhe in iúl do thuismitheoirí Naíscoile cén grúpa ina bhfuil a bpáistí sna seachtainí romhainn. Is iad na dátáí tosaithe don grúpaí áirithe mar a leanas:

- Grúpa A – An Luan, 7ú Meán Fómhair
- Grúpa B – An Luan, 14ú Meán Fómhair
- Grúpa C – An Luan, 21ú Meán Fómhair

Is é a leanas an fad ama do gach grúpa:

- Seachtainí 1 agus 2 - fanfaidh na daltaí sa Naíscoil go dtí 11.15am
- Seachtain 3 – fanfaidh na daltaí sa Naíscoil go dtí 12.00pm
- Seachtain 4 – gheobhaidh na daltaí lón agus fanfaidh siad sa Naíscoil go dtí 12.30pm
- Seachtain 5 – fanfaidh na daltaí sa Naíscoil don lá iomlán i.e. 1.30pm

Na Páistí a Fhágáil sa Naíscoil

Iarrtar ar thuismitheoirí an córas aon-treo a leanúint, páirceáil sa chlós tosaigh agus siúl leis na páistí chuig doras na Naíscoile. Iarrtar ar thuismitheoirí meas a léiriú do scaradh sóisialta agus seo á dhéanamh acu, go háirithe ar an rampa chuig doras na Naíscoile, agus fanacht ag bun an rampa má tá tuismitheoir ag an doras cheana féin, le bhur dtoil. Ar an drochuair, ní thig linn ligean do thuismitheoirí dul isteach sa Naíscoil i mbliana.

Fágáil Chéimithe

Beidh dhá amanna fágála againn ar maidin don Naíscoil:

- Iarrtar go bhfágfaí daltaí le sloinne a thosaíonn le A – M ar scoil idir 9.00am – 9.15am.
- Iarrtar go bhfágfaí daltaí le sloinne a thosaíonn le N – Z ar scoil idir 9.15am – 9.30am.

Tógáil ón Naíscoil

Iarrtar ar thuismitheoirí páirceáil sna chlós tosaigh, tríd na geataí tosaithe, agus teacht chuig an Naíscoil leis na páistí a thógáil. Beidh ball foirne ag fanacht ag an doras leat.

Éadaí, Trealamh agus Sláinteachas

- Níor chóir do na páistí mála a thabhairt leo ar scoil
- Iarrtar ar na páistí cóta a thabhairt leo mar ba mhaith linn súgradh amuigh a uasmhéadú.
- Beidh cosc ar roinnt gníomhaíochtaí súgartha i mbliana mar gheall ar threoirlínte sábháilteachta i mbliana.
- Iarraimid go dtugann tú athrú éadaí do do pháiste i mála plaisteach, a fhanfaidh sa Naíscoil.
- Nifidh na páistí a lámha nuair a thagann siad isteach sa Naíscoil agus go rialta le linn an lae.
- Cuirfear sonraí ar lón sa Naíscoil in iúl amach anseo.

Arrangements for the Naíscoil

We are now in a position to welcome the children to Naíscoil for the full day! That is, ultimately, from 9.00am to 1.30pm

As has been the case in previous years, we will have a staggered intake based on reverse chronological order – youngest first. Caoimhe will inform Naíscoil parents of which groups their children are in over the coming weeks. The start-dates for various groups are as follows:

- Group A – Monday, 7th September
- Group B – Monday, 14th September
- Group C – Monday, 21st September.

The length of time each Group will attend Naíscoil each day is as follows:

- Weeks 1 and 2 - pupils will remain in Naíscoil until 11.00am
- Week 3 – pupils will remain in Naíscoil until 12.00pm
- Week 4 – pupils will receive lunch and will remain in Naíscoil until 12.30pm
- Week 5 – pupils will remain in Naíscoil for full day, i.e. 1.30pm

Naíscoil Drop-off

Parents are asked to follow the one-way system, park in the front yard and walk the children to the Naíscoil door. Parents are also asked to respect social distancing when doing so, particularly on the ramp leading to the Naíscoil door, and to wait at the bottom of the ramp if a parent is already at the door, please. Unfortunately, we cannot allow parents to enter the Naíscoil building this year.

Staggered Drop-off

The staggered drop-off also applies to Naíscoil parents:

- Children with surnames A – M to be dropped off to school between 9.00am – 9.15am.
- Children with surnames N – Z to be dropped off to school between 9.15am – 9.30am.

Naíscoil Pick-up

Parents are permitted to park in the front yard, via the front gates, and come to the Naíscoil door to collect the children. A member of staff will be waiting at the door to greet you.

Clothing, Equipment and Hygiene

- The children should not bring a school bag to school.
- The children are asked to bring a warm coat as we hope to maximise outdoor play.
- Some play activities will be restricted this year due to current safety guidelines.
- We ask that you bring in a change of clothes for your child in a plastic bag, which will remain in the Naíscoil.
- The children will wash their hands on arrival in the Naíscoil, and regularly throughout the day, under staff direction.
- Details re lunch in the Naíscoil will be issued in due course.

Socruithe do Rang 1

Is iad na sonraí ar leith do Rang 1 ná:

- Fanfaidh na páistí ar scoil go dtí 12.00pm ón Mháirt, 1ú Meán Fómhair go dtí an Aoine, 25ú Meán Fómhair.
- Ón Luan, 27ú Meán Fómhair fanfaidh na páistí ar scoil go dtí 1.45pm.
- Beidh Rang 1 lonnaithe anois sa seomra ranga mór sa chlós cúil.
- Is í Jayne an múinteoir a bheidh ag Rang 1 i mbliana, le tacaíocht ó Lisa.
- Tacóidh Caoimhe agus Pauline le Jayne sa chéad seachtain go dtí go bhfuil aithne ag na páistí uirthi.
- Ar maidin, buailfidh ball foirne leat ag do charr agus tabharfaidh sí do pháiste caol díreach chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.

Arrangements for Rang 1

The specific arrangements for Rang 1 are as follows:

- The children will remain in school until 12.00pm from Tuesday, 1st September until Friday, 25th September.
- From Monday, 27th September the children will remain in school until 1.45pm.
- Rang 1 will now be located in the large classroom in the back yard.
- Múinteoir Jayne will be the Rang 1 teacher this year, supported by Lisa.
- Caoimhe and Pauline will support Jayne in the first week in order to ensure the children's comfort and familiarity.
- In the morning, a member of staff will meet you at your car and bring your child directly to the classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- At home time, please remain in your car and a member of staff will bring your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.

Socruithe do Rang 2

Is iad na sonraí ar leith do Rang 2 ná:

- Beidh Rang 2 lonnaithe sa ghnáth-áit, an seomra ar chlé sa bhothán dúbailte sa chlós tosaigh.
- Is í Róisín an múinteoir a bheidh ag Rang 2 i mbliana, le tacaíocht ó Chaoimhe nuair a thagann sí ar ais ón Mháithreachas.
- Tacóidh Lisa le Róisín sa chéad seachtain le cuidiú leis na páistí socrú ar ais isteach.
- Beidh Múinteoir Róisín ag traenáil le linn na bliana agus ní bheidh sí ar fáil le bheith ag teagasc ar an Aoine. Glacfaidh Múinteoir Niamh a háit, a leanfaidh an clár staidéir leagtha amach di ag Múinteoir Róisín.
- Ar maidin, buailfidh ball foirne leat ag do charr agus tabharfaidh sí do pháiste caol díreach chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Críochnaíonn na páistí ag an ghnáth-am de 1.45pm
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.

Arrangements for Rang 2

The specific arrangements for Rang 2 are as follows:

- Rang 2 will be located in its usual place, the classroom to the left in the front double mobile.
- Múinteoir Róisín will be the Rang 2 teacher this year, supported by Caoimhe on her return from Maternity.
- Lisa will support Róisín in the first week in order to ensure the children's comfort and familiarity.
- Múinteoir Róisín will be undertaking training throughout the year and will not be available to teach on Fridays. She will be replaced by Múinteoir Niamh each Friday, who will follow the programme of study laid out for her by Múinteoir Róisín.
- In the morning, a member of staff will meet you at your car and bring your child directly to the classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- Pick-up is at the usual time of 1.45pm
- At home time, please remain in your car and a member of staff will bring your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.

Socruithe do Rang 3

Is iad na sonraí ar leith do Rang 3 ná:

- Fanfaidh na páistí ar scoil go dtí 1.45pm ón Mháirt, 1ú Meán Fómhair go dtí an Aoine, 25ú Meán Fómhair.
- Ón Luan, 27ú Meán Fómhair fanfaidh na páistí ar scoil go dtí 2.45pm.
- Beidh Rang 3 lonnaithe sa ghnáth-áit, an seomra ar dheis sa bhothán dúbailte sa chlós tosaigh.
- Is í Mairéad an múinteoir a bheidh ag Rang 3 i mbliana.
- Ar maidin, buailfidh ball foirne leat ag do charr agus tabharfaidh sí do pháiste caol díreach chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.

Arrangements for Rang 3

The specific arrangements for Rang 3 are as follows:

- The children will remain in school until 1.45pm from Tuesday, 1st September until Friday, 25th September.
- From Monday, 27th September the children will remain in school until 2.45pm.
- Rang 3 will be located in its usual place, the classroom to the right in the front double mobile.
- Múinteoir Mairéad will be the Rang 3 teacher this year.
- In the morning, a member of staff will meet you at your car and bring your child directly to the classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- At home time, please remain in your car and a member of staff will bring your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.

Socruithe do Rang 4

Is iad na sonraí ar leith do Rang 4 ná:

- Beidh Rang 4 lonnaithe sa bhothán beag sa chlós cúil, an sean-leabharlann.
- Is í Teresa an múinteoir a bheidh ag Rang 4 i mbliana.
- Ar maidin, buailfidh ball foirne leat ag do charr agus tabharfaidh sí do pháiste caol díreach chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Críochnaíonn na páistí ag an ghnáth-am de 2.45pm
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.

Arrangements for Rang 4

The specific arrangements for Rang 4 are as follows:

- Rang 4 will be located in the small mobile in the back yard, formerly the library
- Múinteoir Teresa will be the Rang 4 teacher this year.
- In the morning, a member of staff will meet you at your car and bring your child directly to the classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- Pick-up is at the usual time of 2.45pm
- At home time, please remain in your car and a member of staff will bring your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.

Socruithe do Rang 5

Is iad na sonraí ar leith do Rang 5 ná:

- Beidh Rang 5 lonnaithe sa bhothán dúbailte sa chlós cúil sa seomra ar chlé.
- Is í Caroline an múinteoir a bheidh ag Rang 5 i mbliana.
- Ar maidin, tuirlingfidh do pháiste ón charr agus rachaidh sé/sí caol díreach chuig an chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Má shiúlann do pháiste ar scoil, buailfidh ball foirne léi/leis ag geataí na scoile agus treorófar é/í chuig an rang.
- Críochnaíonn na páistí ag an ghnáth-am de 2.45pm
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Má shiúlann do pháiste abhaile leis/léi féin, tabharfar í/é chuig geataí na scoile

Arrangements for Rang 5

The specific arrangements for Rang 5 are as follows:

- Rang 5 will be located in the double mobile in the back classroom, on the left-hand side.
- Múinteoir Caroline will be the Rang 5 teacher this year.
- In the morning, your child will alight from the car in the usual place and go directly to her/his classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- If your child walks to school alone, he/she will be met at the gates by a member of staff and directed to her/his classroom.
- Pick-up is at the usual time of 2.45pm
- At home time, please remain in your car and a member of staff will direct your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.
- If your child walks home alone, he/she will be guided to the school gates by a member of staff.

Socruithe do Rang 6

Is iad na sonraí ar leith do Rang 6 ná:

- Beidh Rang 6 lonnaithe sa bhothán dúbailte sa chlós cúil sa seomra ar dheis.
- Is í Siobhán an múinteoir a bheidh ag Rang 6 i mbliana.
- Ar maidin, tuirlingfidh do pháiste ón charr agus rachaidh sé/sí caol díreach chuig an chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Má shiúlann do pháiste ar scoil, buailfidh ball foirne léi/leis ag geataí na scoile agus treorófar é/í chuig an rang.
- Críochnaíonn na páistí ag an ghnáth-am de 2.45pm
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Má shiúlann do pháiste abhaile leis/léi féin, tabharfar í/é chuig geataí na scoile.
- Cuirfear sonraí faoi ullmhuchán don scrúdú amach gan mórán moille.

Arrangements for Rang 6

The specific arrangements for Rang 6 are as follows:

- Rang 6 will be located in the double mobile in the back classroom, on the right-hand side.
- Múinteoir Siobhán will be the Rang 6 teacher this year.
- In the morning, your child will alight from the car in the usual place and go directly to her/his classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- If your child walks to school alone, he/she will be met at the gates by a member of staff and directed to her/his classroom.
- Pick-up is at the usual time of 2.45pm
- At home time, please remain in your car and a member of staff will direct your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.
- If your child walks home alone, he/she will be guided to the school gates by a member of staff.
- Details regarding Transfer Test preparation will be issued in due course.

Socruithe do Rang 7

Is iad na sonraí ar leith do Rang 7 ná:

- Tiocfaidh Rang 7 ar scoil ar an Luan, 24ú Lúnasa (tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh an scoil druidte don Saoire Bainc ar an ar an Luan, 31ú Lúnasa). Beidh lón pacáilte de dhíth ar na páistí an tseachtain seo.
- Beidh Rang 7 lonnaithe sa bhothán mór singil, taobh leis an oifig.
- Don chéad téarma, beidh Múinteoir Niamh ag Rang 7, le tacaíocht ó Conor, a ghlacfaidh an rang gach Aoine. Táthar ag súil is go nglacfaidh Conor seilbh ar fhormhór an teagaisc i ndiaidh an Teist Aistrithe, ó thús an dara téarma.
- Ar maidin, tuirlingfidh do pháiste ón charr agus rachaidh sé/sí caol díreach chuig an chuig an rang.
- Má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus baileoidh ball foirne do pháiste uait ansin.
- Má shiúlann do pháiste ar scoil, buailfidh ball foirne léi/leis ag geataí na scoile agus treorófar é/í chuig an rang.
- Críochnaíonn na páistí ag an ghnáth-am de 2.45pm
- Ag am baile, fan i do charr agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Ag am baile, má shiúlann tú ar scoil, fan ag geataí na scoile agus tabharfaidh ball foirne do pháiste chugat.
- Má shiúlann do pháiste abhaile leis/léi féin, tabharfar í/é chuig geataí na scoile.
- Tosóidh na ranganna ullmhaithe don Teist Aistrithe ar an Mháirt, 1ú Meán Fómhair ó 3.00pm to 4.00pm – sonraí le teacht.

Arrangements for Rang 7

The specific arrangements for Rang 7 are as follows:

- Rang 7 will come back to school on Monday, 24th August (please note that the school is closed for the Bank Holiday on Monday, 31st August). The children will require a packed lunch this week.
- Rang 7 will be located in the large, single mobile classroom beside the office.
- For the first term, Múinteoir Niamh will be the Rang 7 teacher, she will be supported by Conor, who will also teach the class for the full day each Friday. It is expected that Conor will take over the majority of the teaching after the Transfer Test, from the beginning of the second term.
- In the morning, your child will alight from the car in the usual place and go directly to her/his classroom.
- If you walk to school in the morning, please remain at the school gates and a member of staff will collect your child from you there.
- If your child walks to school alone, he/she will be met at the gates by a member of staff and directed to her/his classroom.
- Pick-up is at the usual time of 2.45pm
- At home time, please remain in your car and a member of staff will direct your child to you.
- At home time, if you walk to school, please remain at the school gates and a member of staff will bring your child to you.
- If your child walks home alone, he/she will be guided to the school gates by a member of staff.
- Transfer Test preparation classes will begin on Tuesday, 1st September from 3.00pm to 4.00pm – details to follow.

Focal Scoir / Final Words

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh as an fhoighid agus an tuiscint s'agaibh roimh ré de bharr go nglacfaidh na socruithe seo am agus seans go mbeidh scuainí fada sa chlós. Níl neart air seo de bharr go bhfuil muid ag iarraidh teagmháil seachtrach taobh istigh den scoil a laghdú agus sábháilteacht na ndaltaí agus na foirne a dheimhniú. Cumadh na treoirlínte sa leabhrán seo i line le Treoirlínte na RO agus níl mórán solúbthachta againn maidir leo.

Ag an am céanna, mar is eol dúinn, bíonn rudaí de shíor ag athrú agus déanfaidh muid leasuithe ar bith nuair a bheidh sé sábháilte. Idir an dá linn, tá súil againn gur chuir an t-eolas sa leabhrán seo sibh ar bhur suaimhneas go ndearna muid gach iarracht le sábháilteacht agus folláine na bpáistí uilig a dheimhniú i gcomhair le folláine na foirne sa scoil.

Gabh i dteagmháil liom dá mba mhaith leat gné ar bith de na socruithe seo a phlé. Go raibh maith agaibh.

We would like to thank you for your patience and understanding in advance as these arrangements will take some time to bed in and may result in prolonged queueing in your car in the yard. This cannot be helped as our goal is to minimise external contact within the school and ensure the safety of the children and staff. The guidelines outlined in this booklet have been drawn up in accordance with DE Guidelines and we do not have much flexibility in this regard.

At the same time, as we are all too aware, the situation is constantly changing and we will make any amendments to these arrangements as and when it is safe to do so. In the meantime, we hope that the information contained in this booklet has, indeed, reassured you that we have made every effort to maintain the safety and well-being of all the children as well as the staff of Gaelscoil Uí Néill.

Please feel free to contact me at any time if you would like to discuss any aspect of these new arrangements. Go raibh maith agaibh.

Is mise le meas,
Conor McPhillips
Príomhoide

Gaelscoil Uí Néill